

A fhir léghtha an leabhráin bhig

[Mhág Craith, Cuthbert: *Dán na mBráthar Mionúr I*, Dublin, 1967, poem 12]

An teagasg Críosaíde i ndán

Oraoid don Léghthóir

1 A fhir léghtha an leabhráin bhig,
féch an tobar ó dtáinig;
uille a tharbha iná a thaidhbhsi;
buime th'anma an obair-si.

2 An císde trér cheandaigh fear
an fearann inar foilgeadh -
ag so an fearann ina bhfoil;
neamhfhonn do nochta dleaghoir.

3 An némhann trér dhiult duine
sealbh a thoiceadh dtalmhaidhe
dá bhféchthar dhí an fonn 'na bhfoil,
do-géabhthar sonn í i n-asgoidh.

4 Ag so a-nois do nimh chugaibh
sreath ghrianach gheam gcarrmhugail,
teagaisg thoirneacha Dé dhúinn,
troimcheatha do sgé an sgrioptúir.

5 Ní thugann dhóibh - ní díoth soin -
foighreach i nGaoidhilg grianaiigh;
i nDia, i lochthobar na leag,
cia an fothragadh nach fuairsead!

6 Ní dhearnsam - ní dhénta dhamh -
dorcha lé dealradh briathar
bhróin ngeamhghoirthe niamhtha ó nimh
briathra dealraighthe an Dúilimh.

7 Lé hóradh briathar dá mbeinn,
mór dhíobh fá chiaigh dho chuirfinn:
congmaid fialghe chumhdaigh cloch
urdail na faighne i bhfolach.

8 Rolla na bhfiach dho dhleaghair;
cairt do dhúithche ón Dúileamhain
daitsi gan sgéimh do sgríobh mé;
sgríobh féin an gcairt-si id chroidhe.

An Chré i ndán

9 Atáid doirsi ar theach nDé;
ní héidir le neach fán ngréin
gan dol tríotha so fá seach
rochdain anonn don rítheach.

10 Na trí subháilche diadha,
creideamh, dóthchas, grádh cialldha -
is iad na doirsi a-deir mé
do bheith ar rítheach nimhe.

11 Ní cás dá gach neoch fá nimh
triall go doras an chreidimh;
eochair gach glais dá bhfuil air
fuairseam ó na habsdalaibh.

12 Na heochracha, adeirim ribh,
airteagail chinnte an chreidimh;
i gcré na n-easbal, madh áil,
do-ghébha iad go hiomlán.

13 Teagaid seachd n-airteagail díobh
tar dhiadhachd Airdríogh na ríogh
is seachd n-airteagail oile
tar dhaondhachd Mheic mhórMhuire.

14 Na seachd n-airteagail-si ar tús
lé nochdtar an dhiadhachd dúinn
atáid sonna, bíod ré a ais
'gan té théid d'fhios an dorais.

15 Creideadh go bhfoil aoinDia ann,
Trionnóid thrén na dtrí bpearsann:
Athair, Mac, Sbiorad naomhtha
go gcomhuaisle, comhaostha.

16 Ó aoinneoch ní tháinig soin,
an tobar diadha, an tAthair;
ón Athair gheintear an Mac
uatha araon tig an Sbiorad.

17 Is Dia an tAthair 's is Dia an Mac:
Dia fíre fós an Sbiorad;
is ní trí Déa iad soin
achd aoinDia i dtrí pearsanaibh.

18 Is é an t-aoinDia-sa do chum
neamh, talamh, agus iofrann
's gach a bhfuil eatorra so
's a mbí ag áitioghadh ionnta.

19 Uaidh do-ghéibham, más í ar dtoil,
grása is maitheamh ar bpeacadh,
eiséirghe na gcorp, lá an Luain,
glóir shíor i mbeathaidh bhíothbhuan.

20 Ag sin na hairteagail daoibh
thráchdas ar an ndiadhachd naoimh;
gá dtám - anois is nochdtha
airteagail na daondachda.

21 Do chéidneithibh creidthe dhúinn
gur ghabh Muire i ndíoghruis rúin
ón Sbiorad Naomh 'na bruinne
mac an Athar síordhaidhe.

22 Go ndearnadh Dia 'na dhuine
's duine 'na Dhia síordhaidhe,
go beith don dá nádúir soin
gan chumasg i n-éinphearsoin.

23 I gcionn naoi míos dá éis sin
rug an Ógh É san Bheithil,
gan choill a hóghdhachda dhi
'na dhiaidh, roimhe ná an uair-si.

24 AonMhac Dé, Dia agus duine,
fuair 'na nádúir dhaonduidhe
bás croiche, a adhlacadh soin
tré choirthibh chloinne hÁdhoimh.

25 An bás-soin achd gé dho sgar
a chorp naomh ré a anam nglan,
nír sgaradh ré ceachdar díobh
diadhachd iodhan anAirdRíogh.

26 Téid go hifreand dá éis so
d'fhuasgladh na n-aithreadh naomhtha;
éirgheas ó mharbhaibh go prap
an treas lá arna adhlacadh.

27 I gcionn dá fhichead lá lán,
do-chuaidh ar neamh na naoi ngrádh;
ar deis a Athar gur shuidh
i n-éinghlóir ris an nAthuir.

28 Do bhreathnughadh bheo agas mharbh
tiocfaidh Sé bhudh tuirionn garbh
mar a gcuirfe gach duine
i nglóir nó i bpéin shíordhuidhe.

29 Ós cionn a n-abram anos,
gach a n-aibéora an eaglas,
más sgríobhtha gion gur ab eadh,
cóir don Chríosaíde a gcreideamh.

30 A ndobhramar sonn go se
biaidh ag gach aon dá gcreidfe
raon solas anonn ar nimh
tré dhoras ndorcha an Chreidimh.

An Phaidear i ndán

31 Dóthchas an dara doras;
gibé thogras triall chuige
gach aisgidh ar Dhia is iarrtha
iarradh 's measadh go bhfuighe.

32 Gach itghe is oircheas d'iarraidh
atá a hiarraidh 'san phaidir;
abradh í so go minic
gibé lé sirthir aisgidh.

33 Bíoth, a Dhé, a athair neamhdha,
i meanma, i mbél gach duine
th'ainm ré saoghal na saoghal
dá naomhadh feadh na cruinne.

34 Tigeadh chugainn do ríoghdhachd;
go rabham síodhach sádhál
gan ghuais ndeamhan ná dhomhain,
gan omhan bhreithe an bhrátha.

35 Do thoil, mar aingle nimhe,
déntar linne ar an talmhain;
beatha dár gcurp, a Athair,
tabhair aníogh dár n-anmain.

36 Maith na coirthe do-niamaid
gé táid 'na bhfiachaibh troma,
mar mhaithmíd féin a gcoirthe
do chách oile ar dho shon-sa.

37 Ná leig cathaighthe an dhiabhail
do dhol i bhfiachaibh oirne
achd saor inn ó gach éinolc:
déntar a n-iarmaid oirbhisi.

Fáilte an aingil

38 Dia do bheatha-sa a Mhuire,

a thuile lán do ghrásaibh!
Atá an Tighearna it fhochair,
a ghein shochair chlann nÁdhaimh.

39 Beannaighthe thusa tharsa
deaghmhná na talmhan uile;
's is beandaighthe an ghein ríodha,
Íosa, toradh do bhruinne.

40 A naomáthair Dhé, a Mhuire,
a bhuime mar an gcédna,
guidh orainne, na peacaigh,
'nar mbeathaidh, 's i n-am éga.

Deich n-aitheanta Dé

41 Dá n-iarra osgladh gun ghrádh,
an treas doras atá ar neamh,
comhaill deich n-aitheanta an Ríogh
mar táid ann so síos fá seach.

42 Dia bréige d'adhradh ná tairg;
ná tabhair ainm Dé gan fháth;
Domhnach, lá an Tighearna Dé,
coimhédtar libh é dho ghnáth.

43 Onóraigh th'aithre go búidh;
ná déin marbhadh, drúis ná goid;
ná déin bréigfhiadhnaisi ar neach
a mhaoin ná a bhean ná hiarr dhoit.

Cúig aithne na heagailsi

44 Cuir i gceann a ndobhairt mé
cúig aithne na heagailse:
coimhéid gach saoire go beachd
's déin aithfreann innte dh'éisdeachd.

45 Troisg an Corghas go glan glan,
Uighil 's Troisgthe na hAnman;
ná tomhail feoil ar dho phroinn
Dia hAoine ná Dia Sathroinn.

46 Tré bhiotha shíor ná bíodh sibh
éinbhliadhain gan fhaoisdin;
Corp Chríod, ón Domhnach ré gCáisg,
caith lá éigin, go mionCháisg.

47 Ná déna banais iar ndáil
ó thús Chorghais go mionCháisg,

ná ó thús Aidbheant go grod
go dá lá dhég d'éis Nodlag.

48 Muna dhearna a n-abram ribh,
trí doirsi thighe an Dhúilimh
iadhfaidhear uile rét uchd:
dol asdeach ní bhia id chumhachd.

Do na sacramainntibh

49 Na seachd sacramainte dhoit:
Baisdeadh, Dol fá Láimh Easboig,
Corp Críosa is Faoisdin ghlan,
Ola ré mBás, Ord, Pósadh.

50 Is leo sin ghléstar na glais
atáid róimh ar dhún bParrthais
i n-aimhréidh dá ndeachad so
tré chaill aithne an ArdFhlatho.

Do na subhálchibh agus do na lochdaibh

51 Fios subhálcheadh 's na locht
atá, ós cionn a ndobhart,
'na bhfeidhm ar gach neach fa nimh
dá dtriall go teach an Dúilimh.

Na 3 shubhálche diadha

52 A-dobhramar roimhe so
na trí shubhálche diadha:
creideamh, dóthchas agu grádh;
gá meisde a-rís a n-iomrádh?

Na 4 shubhálche cairdionálta

53 Ceithre tréidhe is díol grádha
na subhálche prinspálta:
gliocas gan cheilg, ceart gan lochd,
neart gan fhairbríogh, measardhachd.

Tiodhlaigthe an Sbioraid Naoimh

54 Seachd dtiodhlaigthe an Sbioraid Naoimh:
eagna, tuigsi, taoibh ré taoibh,
comhairle, neart, fios neamhdha,
búidheachd, eagla an Tighearna.

Na dronga beannaighthe

55 Na hochd ndronga beannaighthe
dá ngeall Dia luach a gcroidhe:
na boichd fhíre is beannaighthe,
budh leo féin ríoghdhachd nimhe.

56 Beannaighthe an drong ceannsaighthe,
budh leo do sheilbh an talamh;
beandaighthe luchd searbhthuirsi,
biaidh sólás fá dheoidh aca.

57 Gibé ara mbí ocaras
's tart cosnamha na córa,
a fhoirceann bhudh roshona;
biaidh sásadh ó Dhia dhósan.

58 Luchd trócaire is beandaighthe,
trócaire ó Dhia do-ghébhaidh;
mar sin d'aos an deaghcroidhe,
budh leo do shíor Dia d'fhéchain.

59 Clanna Dé díobh goirfidhear:
is beannaighthe an drong shíodhach;
an drong fán gceart choirightheair,
flaitheas Dé bhudh é a ríoghdhachd.

Oibre corpardha na trócaire

60 Seachd n-oibre na trócaire
dá ngoirtheair oibre corpdha:
cosg tarta gach brónchuire,
biadh do thabhairt don ocrach.

61 Édghadh nochd, mairbh d'adhlcadh,
oirchiseachd aoigheadh n-annamh,
cuairt ag braighdibh fannbhochda
do dhénamh, 's ag aos galair.

Oibre sbioradálta na trócaire

62 Seachd n-oibre na trócaire
ainmnightheair as an sbioraid:
sáimhchealgadh luchd mhórthuirsi,
ceartoghadh cáigh 'na gciontaibh.

63 An té atá i gcás chomhairle
comhairle dho do thabhairt;
in gach ní dá rodhoilghe
foighide do bheith agaibh.

64 Teagasg luchd ainbhfeasa,

guidhe ar bheoibh 's ar mharbhaibh,
maithmheachas na n-aindligheadh
do thabhairt do luchd adhbhair.

Na peacaidh mharbhtha

65 Díomas, sainnt, is drúis, má-le,
tnúth, craos, fearg, agus leisge,
na seachd bpeacaidh - díochra a nglonn -
mharbhas do shíor an t-anam.

Na ceithre críocha déighionacha

66 Seachna na bpeacadh mhadh áil,
dorrda na bháis, ceirtbhreatha an Ríogh,
glóir nimhe, ifrionn na bpian-
bíodh siad it intinn do shíor.

Na cúig céadfadh corpordha

67 D'eagla an bháis do theachd dod toigh
coimhéid ar dho chédfadhaibh:
blas is glacadh 'na mbia locht -
boladh, éisdeachd, is amharc.